Ar thóir na síochána

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi dhaoine a tháinig go hÉirinn ar thóir na síochána. Cén scéal nuachta atá i gceist, dar leat? Féach ar an bpictiúr agus ar na focail chun cuidiú leat.

teifeach/teifigh, an Taoiseach, lucht iarrtha tearmainn, díbirt/ordú díbeartha

Déan plé leis an duine in aice leat faoin méid atá ar eolas agat faoin scéal.

Ceist 2 Ceangail na focail Ghaeilge leis na focail Bhéarla thíos.

1. among	a. *gleo*
2. ship container	b. *i bhfolach*
3. ferry/car ferry	c. *coimeádán loinge*
4. Kurds	d. *ag teitheadh*
5. Iraq	e. *leoraí tarlaithe*
6. hidden	f. *bád farantóireachta*
7. haulage lorry	g. *ó ghéarleanúint*
8. noise	h. *i measc*
9. fleeing	i. *Coirdínigh*
10. from persecution	j. *ag lorg tearmainn*
11. seeking asylum	k. *An Iaráic*

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11

Anois, féach ar an tuairisc den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agat.

Ceist 3 Féach ar an tuairisc den dara huair agus abair cé acu fíor nó bréagach atá na ráitis seo a leanas.

1. Thángthas ar chúigear teifeach i gcoimeádán loinge.

2. Bhí cailín beag de thrí bliana go leith i measc na ndaoine a fuarthas.

3. Bhí an coimeádán ar an mbád farantóireachta *James Joyce* a tháinig ó Cherbourg na Fraince.

4. Chuala na Gardaí torann nuair a stop siad leoraí tarlaithe ar a bhealach go Ros Mhic Thriúin.

5. Ní raibh aon fhadhb sláinte acu nuair a rinneadh scrúdú dochtúra orthu in Ospidéal Ginearálta Loch Garman.

6. Tá tearmann á lorg acu in Éirinn.

Ceist 4 '…Bail ó Dhia oraibh…'

Bí ag obair leis an duine in aice leat agus breacaigí síos na bealaí ar fad atá ar eolas agaibh le *hello* agus *goodbye* a rá i nGaeilge.

Ceist 5 '…*trí* ***bliana***…'

Cuir an fhoirm cheart de na hainmfhocail ***bliain*** agus ***ceann*** tar éis na n-uimhreacha thíos agus scríobh amach na huimhreacha i bhfocail:

1 _____
2 _____
3 _____
4 _____
5 _____
6 _____
7 _____
8 _____
9 _____
10 _____
11 _____
23 _____
40 _____

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo thíos leis na daoine eile i do ghrúpa.

1. Cén fáth a raibh na daoine a luadh sa mhír ag teitheadh ón Iaráic?
2. Cén fáth ar mhaith leis an gcuid is mó d'iarrthóirí tearmainn dul go dtí an Ríocht Aontaithe nó go dtí an Ghearmáin?
3. Maítear go gcothaíonn an iomarca teifeach i dtír fadhbanna sóisialta sa tír sin. Cad iad na fadhbanna a bheadh i gceist, más fíor, dar leat?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
Tá an plé seo le déanamh sula seinntear an tuairisc.

Ceist 2
Tá an cheist seo le déanamh sula seinntear an tuairisc.

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11
h	c	f	i	k	b	e	a	d	g	j

Ceist 3
1. Fíor.
2. Bréagach. Trí bliana d'aois a bhí an cailín.
3. Bréagach. Oscar Wilde ab ainm don bhád farantóireachta. Bí cúramach, áfach: níl ainm na loinge luaite sa script ach tá sé le feiceáil sa mhír.
4. Bréagach. Chuala an tiománaí an gleo agus chuir sé scairt ar na Gardaí ansin.
5. Fíor.
6. Fíor.

Ceist 4
Dia duit/daoibh!
Dia is Muire duit/daoibh!
Haigh!

Slán
Slán go fóill
Slán leat (a deirtear leis an duine atá ag fágáil)
Slán agat (a deirtear leis an duine nach bhfuil ag fágáil)

Ceist 5
1 bliain amháin / ceann amháin (nó: aon bhliain amháin / aon cheann amháin)
2 dhá bhliain / dhá cheann
3 trí bliana / trí cinn
4 ceithre bliana / ceithre cinn
5 cúig bliana / cúig cinn
6 sé bliana / sé cinn
7 seacht mbliana / seacht gcinn
8 ocht mbliana / ocht gcinn
9 naoi mbliana / naoi gcinn
10 deich mbliana / deich gcinn
11 aon bhliain déag / aon cheann déag
23 trí bliana is fiche / trí cinn is fiche
40 daichead bliain / daichead ceann

Ceist 6
Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eibhlín Ní Choistealbha
Bail ó Dhia oraibh agus bhur gcéad fáilte chuig Nuacht TG4. Bhí cailín beag, trí bliana d'aois, i measc cúigear ar thángthas[1] orthu i gcoimeádán loinge, i gContae Loch Garman, arú aréir. Is ar bhád farantóireachta le *Irish Ferries* a tháinig go Ros Láir ón bhFrainc a bhí an coimeádán. Tuigtear gur Coirdínigh iad a tháinig anall as an Iaráic.

Irene Ní Nualláin
Ar bhád farantóireachta le *Irish Ferries* a tháinig go Ros Láir tráthnóna Dé Domhnaigh a bhí an coimeádán docht ina raibh an cúigear i bhfolach. Is ó Cherbourg na Fraince a tháinig an bád. Ní fios an ndeachaigh an cúigear sa choimeádán in Cherbourg nó an ndeachaigh siad i bhfolach ann in áit éigint[2] eile roimhe sin. Nuair a bhí an coimeádán ar leoraí tarlaithe ar an mbealach go Ros Mhic Thriúin, chuala an tiománaí gleo agus chuir sé glaoch ar na Gardaí. I Ros Mhic Thriúin, tháinig na Gardaí ar thriúr fear agus bean sna fichidí, agus ar chailín beag trí bliana sa gcoimeádán[3]. Is as an Iaráic an cúigear agus creidtear gur Coirdínigh iad. Dúradar leis na Gardaí go raibh siad ag teitheadh ó ghéarleanúint agus go mbeidís ag lorg tearmainn anseo. Tugadh chuig Ospidéal Ginearálta Loch Garman iad ach tuigtear go bhfuil an tsláinte go maith acu. Tugadh go Port Láirge ansin iad chun iarratas a dhéanamh ar thearmann, iarratas atá á phróiseáil faoi láthair.

Irene Ní Nuallain, Nuacht TG4.

[1] *a dtángthas orthu* a dúradh
[2] *éigin* an leagan caighdeánach
[3] *Córas Chonnacht*